# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 3

## Oifig an Ard-Aighne

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais sin, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riarann an Oifig, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €2.72 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe in imlitir 20 de 2024 chun feidhme agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar dímheas ar mhaoin, fearas agus trealamh agus amúchadh maidir le sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i ndáil le Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir 17 agus Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir 31 faoi seach.

Tá na saolréanna fónta agus na rátaí gaolmhara a bhaineann le móraicmí sócmhainní caipitil mar a leanas:

| *Aicme Sócmhainne* | *Saolré fhónta* | *Ráta dímheasa/amúchta* |
|---|---|---|
| Trealamh oifige agus TF | 5 bliana | 20% in aghaidh na bliana |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% in aghaidh na bliana |
| Ceadúnais agus bogearraí TFC a fuarthas agus a forbraíodh | 5 bliana | 20% in aghaidh na bliana |

## Ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Ard-Stiúrthóir/Cheann Oifige. Anuas air sin, is deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán is féidir a chur ar fáil le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais go ndéantar sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar idirbhearta a údarú agus tuairisc mar is ceart a choimeád orthu agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtacht a sheachaint nó a thabhairt chun suntais go luath-thráthúil. Is próiseas leanúnach atá sa chóras um rialú inmheánach airgeadais a choinneáil ar bun agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a choinneáil faoi athbhreithniú seasta.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomhlíonta agam i ndáil le seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.
- Tá fianaise ann ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistithe rialta i bhfeidhm lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an ardbhainistíocht.
- Go ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Go bhfuil córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchta le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na hOifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm Iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Soláthar***

Cinntíonn an Oifig go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas soláthair nuair a bhronntar gach conradh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. €4.034 milliún a caitheadh san iomlán ar earraí, seirbhísí gairmiúla agus seirbhísí eile ar conradh i 2024.

Tá sonraí tugtha ag an Oifig ar aon chonradh neamhiomaíoch déag sa bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le himlitir 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

*Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair*

Chloígh an Oifig leis na treoirlínte seachas i gcás dhá chonradh sa bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh), luach €227,208 san iomlán (gan CBL san áireamh), mar a leagtar amach thíos.

- Bronnadh conradh luach €142,824 gan phróiseas iomaíoch le haghaidh seirbhísí dréachtaithe parlaiminte. Measadh é a bheith neamhchomhlíontach mar nach raibh an conradh faoi réir próiseas iomaíoch sa bhliain mar gheall ar chineál speisialaithe na hoibre atá i gceist, fíorphráinn na reachtaíochta atá de dhíth agus gá le clár reachtaíochta an Rialtais a chur ar fáil.
- Bhain an dara conradh dar luach €84,384 le húsáid sheirbhísí fón póca na hOifige. Rinneadh an cinneadh chun bogadh chuig seirbhís bhainistithe deisce Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais. Cuirfear tús le cur i bhfeidhm na seirbhíse sin i 2025.

Tá na conarthaí thuas curtha san áireamh i dtuairisceán bliantúil 40/2002 agus tá tagairt déanta orthu thuas.

Ghlac an Oifig páirt i roinnt próisis tairisceana le cúpla bliain anuas chun daoine aonair atá cáilithe go cuí a mhealladh le haghaidh seirbhísí dréachtaithe pharlaimintigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig ina sainaithnítear agus a ndéantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Comhairleach Bainistíochta (MAC) an clár a athbhreithniú agus a uasdhátú ar bhonn leathbhliantúil. De réir thoradh na measúnuithe sin a dhéantar pleanáil agus dáileadh ar acmhainní ionas go ndéantar na rioscaí a bhainistiú chuig leibhéil inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na rialuithe agus na bearta atá ag teastáil chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus ar an bhfreagracht as rialuithe a oibriú a leagtar ar bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Rinneadh faireachán agus athbhreithniú ar bhainistíocht riosca na hOifige tríd an gcreat straitéiseach seachadta i 2024, sásra láidir agus lúfar atá i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil ár dtosaíochtaí, ár n-acmhainní agus ár ndaoine ailínithe go cuí agus faoi réir athbhreithniú rialta ar leibhéil an Bhoird Bainistíochta agus na nAirí chun a chinntiú go leanfaidh siad de bheith amhlaidh.

Sainaithnítear príomhghníomhaíochtaí straitéiseacha (KSAnna) chun tacú le tosaíochtaí na hOifige a bhaint amach go bliantúil tríd an gcreat sin agus pleananna seachadta príomhghníomhaíochtaí straitéiseacha curtha i bhfeidhm agus sínithe amach ar leibhéal an Rúnaí Cúnta. Chomh maith le táirgí insoláthartha a leagan amach, sonraítear sna pleananna seachadta sin rioscaí maidir le seachadadh, maoluithe agus saincheisteanna. Déantar na rioscaí maidir le seachadadh na bpríomhghníomhaíochtaí straitéiseacha, saincheisteanna atá ag teacht chun cinn, maoluithe agus tacaíochtaí a mheas go réamhghníomhach mar chuid den phríomhghníomhaíocht straitéiseach ag tuairisciú chuig an mBord Bainistíochta agus chuig an Aire.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Oifig atá freagrach as creat um rialú inmheánach airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2024.

**Damien Moloney**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

28 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 3 – Oifig an Ard-Aighne
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 3 – Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Ard-Aighne agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

5 Meitheamh 2025

## Foscríbhinn atá ag gabháil le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Dháil Éireann, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé ag déanamh amhlaidh,

- Sainaithním agus measúnaím rioscaí an mhíráitis ábhartha a bhaineann leis an gcuntas leithreasa, cibé acu de bharr calaoise nó earráide iad; dearaím agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta is leor agus is cuí chun bunús a sholáthar i gcomhair mo thuairime. Is mó an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr calaoise ná míráiteas ábhartha a rinneadh de bharr earráide, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a bheidh iomchuí sna cúinsí i gceist, ach ní chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measúnaím cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid fhorálacha cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

**Foscríbhinn atá ag gabháil le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar lean)**

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le scóip agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon laigí suntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím de réir eisceachta más amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim i gcomhair m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí an cuntas leithreasa a iniúchadh go héasca agus go cuí, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na ISAnna an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair a rinne mé, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas an chláir | | | | |
| A | Seirbhísí dlí gairmiúla a sholáthar don Rialtas, do ranna agus d'oifigí | 24,775 | 22,112 | 20,278 |
| **Ollchaiteachas** | | **24,775** | **22,112** | **20,278** |
| *Le hAsbhaint* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **722** | **779** | **668** |
| **Glanchaiteachas** | | **24,053** | **21,333** | **19,610** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **2,720,190** | **7,225,753** |

**Damien Moloney**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ard-Aighne

28 Márta 2025

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 2,700 | 2,548 |
| Pá | | 15,172 | 13,736 |
| Neamhphá | | 4,240 | 3,994 |
| **Ollchaiteachas** | | **22,112** | **20,278** |
| *Le hAsbhaint* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **779** | **668** |
| **Glanchaiteachas** | | **21,333** | **19,610** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (47) | | |
| Dímheas | 114 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 2 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | — | | |
| Amúchadh | 34 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | 6 | | |
| | | 109 | 47 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (336) | | |
| Laghdú ar ioncam fabhraithe | 56 | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 667 | | |
| | | 387 | (361) |
| **Caiteachas díreach** | | **21,829** | **19,296** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,414 | 3,217 |
| Measchíosanna | | 791 | 791 |
| **Glanchostas an chláir** | | **27,034** | **23,304** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 3 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,186 | 2,464 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 548 | 249 |
| Vóta 18 | Oifig na Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 16 | 16 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 250 | 231 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 16 | 16 |
| An Príomh-Chiste - pinsin i ndáil le hiarArd-Aighní | | 398 | 241 |
| | | **4,414** | **3,217** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, fearas agus trealamh | 2.1 | 207 | 276 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 13 | 53 |
| | | **220** | **329** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | — | 249 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 684 | 348 |
| Ioncam fabhraithe | 2.4 | — | 56 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 335 | 16 |
| | | **1,019** | **669** |
| *Lúide* | | | |
| **Liteanais reatha** | | | |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.8 | 47 | 253 |
| Banc agus airgead tirim | | 287 | — |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 835 | 168 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 1 | 12 |
| | | **1,170** | **433** |
| **Glan-shócmhainní reatha/ (dliteanais)** | | **(151)** | **236** |
| **Glansócmhainní** | | **69** | **565** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe an Stáit** | 2.9 | **69** | **565** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh [a]

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil [a]** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 1,207 | 1,669 | 2,876 |
| Suimeanna Breise | 47 | — | 47 |
| Diúscairtí | (18) | (18) | (36) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 1,236 | 1,651 | 2,887 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 957 | 1,643 | 2,600 |
| Dímheas don bhliain | 109 | 5 | 114 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (18) | (16) | (34) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 1,048 | 1,632 | 2,680 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **188** | **19** | **207** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 250 | 26 | 276 |

Nóta [a] Áirítear roinnt sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 330 | 330 |
| Suimeanna Breise | — | — |
| Diúscairtí | (159) | (159) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 171 | 171 |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 277 | 277 |
| Amúchadh don bhliain | 34 | 34 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (153) | (153) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 158 | 158 |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **13** | **13** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 53 | 53 |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Tacaíocht bogearraí | 495 | 258 |
| Seirbhísí Leabharlainne | 148 | 89 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 41 | 1 |
| | **684** | **348** |

## 2.4 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aisíocaíocht costais d'fhoireann ar iasacht | — | 55 |
| Aisíocaíochtaí Coimirce Sóisialaí | — | 1 |
| | — | **56** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 1 | 1 |
| Scéim maidir le pas infhorchúitithe taistil | 7 | 12 |
| Cuntas ar chostais comhroinnte | 31 | — |
| Rialú tuarastal | 282 | — |
| Iarmhéideanna dochair eile | 14 | 3 |
| | **335** | **16** |

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Saineolas dlí ar conradh | 29 | 37 |
| Costais riaracháin eile | 106 | 131 |
| Fabhruithe a bhaineann le párolla (nóta 2.11) | 700 | — |
| | **835** | **168** |

## 2.7 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don stáit** | | |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | — | 12 |
| Bliain oibre níos giorra | 1 | — |
| | **1** | **12** |

## 2.8 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 2,720 | 7,226 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,673) | (6,973) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **47** | **253** |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 335 | 16 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | — | 249 |
| | 335 | 265 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | — | (12) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (1) | — |
| Banc agus airgead tirim | (287) | — |
| | (288) | (12) |
| | **47** | **253** |

## 2.9 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 565 | 251 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 24,053 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (2,720) | | |
| Glanvóta | | | 21,333 | 19,610 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 4,414 | 3,217 |
| Míreanna neamhairgid: Measchíos | 1 | | 791 | 791 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (27,034) | (23,304) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **69** | **565** |

## 2.10 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| ag an 31 Nollaig | | |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | **1,250** | **1,280** |

## 2.11 Tionchar na n-athruithe beartas cuntasaíochta i 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta rialtais láir nua (CGAS) i bhfeidhm ó dháta an 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit.

| ag an 31 Nollaig | 2024 |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú párolla [a] | (463) |
| Fabhrú saoire bliantúla [a] | (237) |
| | **(700)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2024 | | 2023 [a] |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 16,185 | 15,172 | 13,736 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 260 | 121 | 133 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | 252 | 354 | 228 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh éagsúil | 730 | 697 | 581 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus speansais TF | 2,198 | 1,873 | 1,082 |
| vi | Speansais áitribh | 450 | 252 | 299 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde | 45 | 59 | 24 |
| viii | Saineolas dlí ar conradh | 1,100 | 416 | 542 |
| | | **21,220** | **18,944** | **16,625** |

Nóta [a] Athraíodh an anailís ar fho-cheannteidil riaracháin neamhíoctha mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil riaracháin a nuachóiriú ar fud na gcuntas a vótáladh. Tá athanailís déanta ar fhigiúirí comparáideacha 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

**Athrúcháin shuntasacha**

Leagtar amach sa nóta seo na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**ii Taisteal agus cothabháil**

*Soláthar meastacháin €260,000; toradh €121,000*

Sábháladh €139,000 toisc go raibh costais taistil agus cothabhála AE níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis.

**iii Oiliúint agus forbairt**

*Soláthar meastacháin €252,000; toradh €354,000*

Bhí an toradh níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar chostais oiliúna foirne níos airde agus costais chomhdhála níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i rith na bliana.

**vi Speansais áitribh**

*Soláthar meastacháin €450,000; toradh €252,000*

Sábháladh €198,000 mar gheall ar chostais fóntais, costais glantacháin oifige agus costais deisiúcháin agus cothabhála foirgnimh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo.

**viii Saineolas dlí ar conradh**

*Soláthar meastacháin €1.1 milliún; toradh €416,000*

Sábháladh €684,000 toisc go raibh íocaíochtaí le dréachtóirí seachtracha agus le dréachtóirí parlaiminte comhairliúcháin i bhfad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. Cuireadh maoiniú €350,000 ar fáil don bhliain faoin bhfotheideal seo le go mbeidh an Oifig in ann comhairle a lorg, más gá, ó dhréachtóirí seachtracha a dhéanfadh speisialtóireacht i réimse áirithe dlí le go mbeadh níos mó ama ag baill na hOifige chun tabhairt faoi thascanna laethúla eile. Chuirfeadh an cistiú breise ar chumas an Stáit freisin aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar dhlíthíocht agus í a chosaint i gcás inar gá. Sa deireadh ní raibh aon chaiteachas ag an Oifig maidir le hiarrataí ó dhréachtóirí seachtracha comhairle a fháil faoi réimsí áirithe dlí agus maidir leis an ngá aghaidh a thabhairt ar dhlíthíocht agus dlíthíocht a chosaint le linn 2024. Bhí an t-iarmhéid de €750,000 mhilliún le híoc le dréachtóirí parlaiminte comhairleacha don bhliain. Rinneadh coigilteas €334,000 mar go raibh níos lú ná an riachtanas a rabhthas ag súil leis le haghaidh seirbhís na ndréachtóirí parlaiminte comhairleacha le linn 2024.

## Clár A Seirbhísí dlí gairmiúla a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | 16,185 | 15,172 | 13,736 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 5,035 | 3,772 | 2,889 |
| A.3 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 70 | 85 | 68 |
| A.4 | An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 3,045 | 2,700 | 2,548 |
| A.5 | Speansais ghinearálta dlí | 190 | 307 | 205 |
| A.6 | Rialacháin phleanála a aontú agus a athbhreithniú | 250 | 76 | 832 |
| | | **24,775** | **22,112** | **20,278** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athruithe suntasacha i gceist i gcaiteachas neamhriaracháin chláir (+/- 5% agus €100,000).

**A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí**

*Meastachán €3.045 milliún; réadaithe €2.7 milliún*

Ba mar thoradh den chuid is mó ar choigilteas faoi phá agus faoi phinsean sa Choimisiún a raibh easnamh €345,000 i gcaiteachas i gceist i gcomórtas leis an soláthar meastacháin toisc nach raibh gach post líonta an t-am ar fad le linn na bliana. Bhí costais níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis freisin ar sheirbhísí comhairliúcháin agus priontála na leabharlainne le linn 2024.

**A.5 Speansais ghinearálta dlí**

*Meastachán €190,000; réadaithe €307,000*

Tharla an róchaitheamh €117,000 i ndáil leis an soláthar meastacháin mar gheall ar éileamh níos airde ón Oifig maidir le dréachtóirí seachtracha a úsáid chun comhairle a lorg maidir le cúrsaí dlí agus ar chásanna na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

**A.6 Rialacháin phleanála a aontú agus a athbhreithniú**

*Meastachán €250,000; réadaithe €76,000*

Bhí an tearc-chaitheamh €174,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin mar thoradh ar íocaíochtaí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis le baill den ghrúpa oibre de réir mar a laghdaigh an méid oibre ar an tionscadal nuair a foilsíodh an Bille.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 718 | 677 | 668 |
| 2 | Earraí Ilghnéitheacha | 4 | 102 | — |
| | | **722** | **779** | **668** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| **Coibhéis lánaimseartha** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Oifig an Ard-Aighne | 160 | 151 |
| An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí | 24 | 21 |
| | **184** | **172** |

### 5.2 Pá – Oifig an Ard-Aighne

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 13,720 | 12,453 |
| Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 73 | 71 |
| Liúntais eile | 16 | 15 |
| Ragobair | 21 | 16 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,342 | 1,181 |
| **Pá iomlán** | **15,172** | **13,736** |

### 5.3 Pá – An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 1,494 | 1,309 |
| ÁSPC an Fhostóra | 124 | 107 |
| **Pá iomlán** | **1,618** | **1,416** |

Nóta [a] Fuair an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí deontas €2.7 milliún faoi fhotheideal A.4 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (€2.548 milliún i 2023). Is é an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a chuir na figiúirí pá a tuairiscíodh thuas ar fáil.

## 5.4 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| Liúntais ard-dualgas, le haghaidh dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 7 | 3 | 24,551 | 24,503 |
| Liúntais eile | 9 | — | 9,092 | 8,994 |
| Ragobair | 2 | 1 | 20,603 | 7,970 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 1 | — | 9,243 | 24,503 |

## 5.5 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Is mar seo a leanas a bhí líon fostaithe na Roinne a raibh a gcuid sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; seachas ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus thit siad laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

| Bandaí pá (€) | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go dtí | 2024 | 2023 |
| 20,000 | 59,999 | 63 | 48 |
| 60,000 | 69,999 | 17 | 8 |
| 70,000 | 79,999 | 12 | 12 |
| 80,000 | 89,999 | 19 | 14 |
| 90,000 | 99,999 | 11 | 14 |
| 100,000 | 109,999 | 15 | 14 |
| 110,000 | 119,999 | 6 | 10 |
| 120,000 | 129,999 | 7 | 13 |
| 130,000 | 139,999 | 5 | 5 |
| 140,000 | 149,999 | 1 | — |
| 150,000 | 159,999 | — | 1 |
| 160,000 | 169,999 | 1 | — |
| 170,000 | 179,999 | 1 | 9 |
| 180,000 | 189,999 | 8 | — |
| 190,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | 1 | 1 |
| 210,000 | 219,999 | — | — |
| 220,000 | 229,999 | — | — |
| 230,000 | 239,999 | 2 | 2 |

### 5.6 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Cuntasaíochta

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair agus sochair inchánacha an Oifigigh Cuntasaíochta don bhliain airgeadais:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunphá | 237 | 231 |

Níl luach na sochar scoir a saothraíodh sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais a bunaíodh i ndiaidh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a theidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

### 5.7 Socruithe luach saothair eile

Áirítear sa chuntas seo caiteachas €219,540 i ndáil le costais tuarastail oifigigh amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh 2024 ar fad agus arbh í an Oifig a d'íoc a chuid tuarastal leis.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le 41 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Oifig ar feadh na bliana 2024 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí Rialtais eile agus arbh iad na ranna/oifigí óstaí a d'íoc a gcuid tuarastal leo.

### 5.8 Scaoilíocaíochtaí

Ní raibh aon scaoilíocaíochtaí

### 5.9 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 18 | 17,736 | 21,425 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 5 | 7,908 | 15,056 |